Rewarding Learning

Socruithe Measúnaithe (Idirthréimhseach)

i dtaca le Daltaí sa Bhliain Deiridh d'Eochairchéimeanna 1 agus 2

Ábhar

Intreoir **1**
Aidhm an leabhráin seo 1
Ordú Measúnaithe 1

Mír 1
Amharc Anuas ar Shocruithe Idirthréimhseacha Reachtúla Measúnaithe **3**
1.1 Intreoir 3
1.2 Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 3
1.3 Díolúintí eile 3
1.4 Achoimre ar phríomh-chomhpháirteanna an mheasúnaithe reachtúil 3

Mír 2
Measúnú Múinteora **5**
2.1 Taifid Mheasúnaithe Ranga 5
2.2 Measúnú daltaí sna blianta deiridh d'Eochairchéimeanna 1 agus 2 5
2.3 Breitheanna á ndéanamh ar leibhéil a baineadh amach 6
2.4 Bailiú, próiseáil agus aischur Taifid Mheasúnaithe Ranga 6

Mír 3
Leibhéil Idirthréimhseacha **9**

Intreoir

Aidhm an leabhráin seo

Cuireann an leabhrán seo faisnéis ar fáil ar na socruithe idirthréimhseacha do mheasúnú reachtúil ar Chumarsáid agus ar Úsáid Matamaitice maidir le daltaí sna blianta deiridh d'Eochairchéimeanna 1 agus 2.

Agus comhairliúchán déanta aici ar dhréacht-Leibhéil Dul Chun Cinn in 1999, shocraigh an Roinn Oideachais ar a thuilleadh oibre a choimisiúnú ar ghnéithe díobh. Roimh na Leibhéil Dul Chun Cinn nua a thabhairt isteach ba mhaith leis an Roinn cinnte a dhéanamh de go bhfuil siad láidir, oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil muinín ag an earnáil oideachais, ag tuismitheoirí agus ag fostóirí astu agus go bhfuil an t-am, an oiliúint agus an tacaíocht ag múinteoirí agus ag príomhoidí atá de dhíth orthu leis na socruithe measúnaithe bainteacha a chur i bhfeidhm.

Go dtí go dtabharfar na Leibhéil Dul Chun Cinn nua isteach, shocraigh an Roinn:

- agus iad i mbun daltaí a mheasúnú maidir le Cumarsáid de, gur chóir do scoileanna tuairiscí Leibhéil reatha ar Theanga agus Litearthacht (Béarla agus/nó Gaeilge) a úsáid; agus
- agus iad i mbun daltaí a mheasúnú maidir le hÚsáid Matamaitice de, gur chóir do scoileanna tuairiscí Leibhéil reatha ar Mhatamaitic agus Uimhearthacht (Matamaitic) a úsáid.

Na Leibhéil seo, a ndéantar tagairt dóibh sa Doiciméad seo mar Leibhéil Idirthréimhseacha, leagtar amach iad i Mír 3.

Ordú Measúnaithe

Le riar a dhéanamh ar na socruithe idirthréimhseacha seo, tá an tOrdú Oideachais (Leibhéil Dul Chun Cinn d'Eochairchéimeanna 1, 2 agus 3) (Idirthréimhseach) (Tuaisceart Éireann) 2010 déanta ag an Roinn Oideachais. Tiocfaidh an tOrdú seo i bhfeidhm ar 30 Aibreán, 2010.

Cé go bhfuil na Leibhéil Dul Chun Cinn le tabhairt isteach fós, déantar tagairt san Ordú do na tuairiscí Leibhéil do Theanga agus Litearthacht (Béarla agus/nó Gaeilge) mar "leibhéil dul chun cinn" maidir le Cumarsáid de ar chúiseanna dlí: a dhála sin déantar tagairt san Ordú do na tuairiscí Leibhéil do Mhatamaitic agus Uimhearthacht (Matamaitic) mar "leibhéil dul chun cinn" maidir le hÚsáid Matamaitice de.

Is é an Doiciméad Measúnaithe é an leabhrán seo atá ceadaithe ag an Roinn maidir le daltaí sna blianta deiridh d'Eochairchéimeanna 1 agus 2 agus a ndéantar tagairt dó san Ordú. Cuireann sé faisnéis mhionsonraithe ar fáil ar na socruithe; míníonn sé na comhpháirteanna éagsúla agus uainiú na socruithe; agus taispeánann sé cad é is éigean do na scoileanna a dhéanamh. Na socruithe a leagtar amach sa doiciméad seo, beidh siad i bhfeidhm ón scoilbhliain 2009/10 go bhfógrófar a mhalairt.

Mír 1

Amharc Anuas ar Shocruithe Idirthréimhseacha Reachtúla Measúnaithe

1.1 Intreoir

Is i bhfoirm measúnú múinteora a bheas measúnú reachtúil ar Chumarsáid agus ar Úsáid Matamaitice maidir le daltaí de sna blianta deiridh d'Eochairchéimeanna 1 agus 2. Sa mheasúnú bainfear úsáid as na tuairiscí leibhéil reatha do - i dtaca le Cumarsáid de - Theanga agus Litearthacht (Béarla - agus/nó Gaeilge de réir mar is cuí sna scoileanna agus sna haonaid lánGhaeilge) agus do - i dtaca le hÚsáid Matamaitice de - Mhatamaitic agus Uimhearthacht (Matamaitic). Sna scoileanna agus sna haonaid lánGhaeilge is iad na múinteoirí a dhéanfaidh measúnú ar na daltaí sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic ag Eochairchéim 1 agus sa Bhéarla , sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic ag Eochairchéim 2. Leagtar amach na Leibhéil Idirthréimhseacha i Mír 3 den doiciméad seo.

Déantar achoimriú ar phríomhghnéithe na socruithe in alt 1.4 thíos agus leagtar amach i modh is mionsonraithe iad i Mír 2.

Mar a rinneadh roimhe seo, caithfear torthaí measúnaithe do dhaltaí ag deireadh Eochairchéimeanna 1 agus 2 a chur chuig CCEA (ESA amach anseo) gach bliain.

1.2 Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Daltaí a bhfuil ráitis de Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus a ndearnadh measúnú lena dhearbhú go bhfuil míchumas foghlama trom orthu ní gá measúnú reachtúil a dhéanamh orthu.

Daltaí eile a bhfuil ráitis riachtanais speisialta oideachais acu, déanfar measúnú múinteora orthu sa dóigh chéanna le tromlach na ndaltaí. I gcásanna eisceachtúla is féidir go mbeidh dalta saor ó na socruithe measúnaithe uilig, nó cuid acu, má luaitear é seo go sonrach i ráiteas riachtanais speisialta oideachais an dalta.

1.3 Díolúintí eile

Is féidir go mbeidh cúinsí eisceachtúla ócáideacha eile ann nuair a mheasfaidh príomhoide nach mbeidh sé cuí nó cóir measúnú múinteora a dhéanamh. Ar ócáid dá leithéid féadtar an dalta a shaoradh ar na socruithe reachtúla ar bhonn sealadach. Leagtar amach mionsonraí na gcúinsí agus na ngnáthamh le heisceachtaí sealadacha a dhéanamh i gCiorclán 1990/45 arna éisiúint ag an Roinn Oideachais, Mí Lúnasa 1990 (ar fáil ag www.deni.gov.uk/circular_1990_45.pdf)

1.4 Achoimre ar phríomh-chomhpháirteanna an mheasúnaithe reachtúil

- Measúnú múinteora ar shaothar daltaí

  Déanfaidh múinteoirí gach dalta a mheasúnú i ngach comhpháirt den Bhéarla (Caint agus Éisteacht/Léamh/Scríobh) agus den Mhatamaitic (Próisis i Matamaitic/Uimhreas/Tomhais/Cruth agus Spás/Láimhseáil Sonraí). Daltaí i mbunscoileanna agus in aonaid lánGhaeilge, déanfar iad a mheasúnú fosta i ngach comhpháirt den Ghaeilge(Éisteacht, Tuiscint, Caint/Léamh/Scríobh). Sna bunscoileanna agus sna haonaid lánGhaeilge ní gá daltaí a mheasúnú sa Bhéarla ag deireadh Eochairchéim 1.

- Measúnú múinteora á thaifeadadh

  Déanfar measúnuithe múinteora a thaifeadadh ar Thaifid Mheasúnaithe Ranga a chuirfidh CCEA (ESA amach anseo) ar fáil agus cuirfear comhordú orthu de réir mar a shonraítear ar Chlár Ama an Mheasúnaithe (a éiseofar leis féin).

- Tacaíocht do na socruithe measúnaithe

  Cuirfear suas le dhá lá de chlúdach ionadaíochta ar fáil do mhúinteoirí Bhliain 4 agus Bhliain 7 mar thacaíocht leis an phróiseas measúnaithe. Cuirtear mionsonraí ar fáil i gCiorclán RE 1996/12 arna éisiúint ag an Roinn Oideachais, Aibreán 1996. (Leagtar amach socruithe íocaíochta i gCiorclán 1996/36 arna éisiúint ag an Roinn Oideachais, Meán Fómhair 1996.)

- Leibhéil iomlána á ríomh

  Úsáidfidh CCEA (ESA amach anseo) na leibhéil chomhpháirte a chuirfidh na scoileanna ar fáil sna Taifid Mheasúnaithe Ranga le leibhéil fhoriomlána do gach dalta agus na torthaí foriomlána do gach scoil a ríomh. Cuirfear an fhaisnéis seo ar ais chuig na scoileanna sna Taifid Mheasúnaithe Ranga in am do na scoileanna na torthaí a thabhairt do na tuismitheoirí faoi 30 Meitheamh.

Mír 2
Measúnú Múinteora

2.1 Taifid Mheasúnaithe Ranga

Scríobhfaidh CCEA (ESA amach anseo) chuig scoileanna i mí Mheán Fómhair gach bliain ag iarraidh sonraí ar líon na ranganna Bhliain 4 agus Bhliain 7. Déanfaidh CCEA Taifid Mheasúnaithe Ranga a éisiúint do gach rang rannpháirteach.

Tig le scoileanna cinneadh a dhéanamh ar chineál agus ar réimse na dtaifead a choinneoidh siad le cuidiú a thabhairt sa mheasúnú múinteora. Cuirtear i gcuimhne do scoileanna nach bhfuil socruithe gabhlánacha le measúnuithe a thaifeadadh agus a choinneáil ceachtar acu de dhíth ar an CCEA (ESA amach anseo) nó éigeantach le riachtanais chigireachta an RO a shásamh.

Ba chóir do mhúinteoirí cur chuige 'an oiriúnaithe is fearr' a úsáid, mar a chuirtear síos air in 2.3 thíos, le measúnú a dhéanamh ar gach dalta i ngach comhpháirt, agus ba chóir dóibh na torthaí a thaifeadadh ar an leathán ábhartha sa Taifead Measúnaithe Ranga.

2.2 Measúnú daltaí sna blianta deiridh d'Eochairchéimeanna 1 agus 2 (Blianta 4 agus 7)

Ba chóir do mhúinteoirí measúnú a dhéanamh ar gach dalta sna trí chomhpháirt uilig den Bhéarla agus/nó den Ghaeilge agus sna cúig chomhpháirt uilig den Mhatamaitic faoin dáta sonraithe ar Chlár Ama an Mheasúnaithe. Ba chóir torthaí na measúnuithe seo a thaifeadadh ar an leathán cuí sa Taifead Measúnaithe Ranga.

Sa dá eochairchéim nasctar measúnú leis na riachtanais reachtúla ábhartha.
Ba chóir measúnú daltaí a thaifeadadh mar cheachtar acu:

Eochairchéim 1
E (díolúnaithe)
W (ag obair i dtreo Leibhéal 1)
Leibhéal 1
Leibhéal 2
Leibhéal 3*
Eochairchéim 2
E (díolúnaithe)
W (ag obair i dtreo Leibhéal 1)
Leibhéal 1
Leibhéal 2
Leibhéal 3
Leibhéal 4
Leibhéal 5**

* Agus dalta iontach cumasach i ndiaidh obair a thosú a bhaineann leis na riachtanais reachtúla curaclaim d'Eochairchéim 2, agus tréithe a bhaineann le hobair a dhéanamh ag Leibhéal 4 i gcomhpháirteanna áirithe a léiriú, tá cead ag múinteoirí é seo a chur in iúl do thuismitheoirí taobh leis an eolas go bhfuil measúnú reachtúil déanta ar an dalta maidir le hobair a dhéanamh ag Leibhéal 3.

** Agus dalta iontach cumasach i ndiaidh obair a thosú a bhaineann leis na riachtanais reachtúla curaclaim d'Eochairchéim 3, agus roinnt tréithe a bhaineann le hobair a dhéanamh ag Leibhéal 6 i gcomhpháirteanna áirithe a léiriú, tá cead ag múinteoirí é seo a chur in iúl do thuismitheoirí taobh leis an eolas go bhfuil measúnú reachtúil déanta ar an dalta maidir le hobair a dhéanamh ag Leibhéal 5.

Le breith fhiúntach a dhéanamh sa deireadh ar an leibhéal is fearr a fhóireann d'éifeachtacht dalta i ngach comhpháirt, ba chóir go mbeadh breitheanna múinteoirí bunaithe ar:

- obair phraiticiúil agus obair ó bhéal sa seomra ranga; agus
- obair scríofa a rinneadh sa seomra ranga.

2.3 Breitheanna á ndéanamh ar leibhéil a baineadh amach

Agus breith á déanamh ar an leibhéal atá bainte amach ag dalta ag deireadh eochairchéime, moltar do mhúinteoirí an tuairisc leibhéil is fearr a fhóireann d'obair dalta thar thréimhse ama a roghnú. Ba chóir an bhreith seo a dheimhniú trí chomparáid chúramach a dhéanamh idir an tuairisc roghnaithe agus na tuairiscí díreach os a cionn agus faoina bun. Tógann tuairiscí leibhéil de réir a chéile ar an eolas, ar an tuiscint agus ar na scileanna sna leibhéil is ísle atá, ar an ábhar sin, ionsúite istigh iontu.

Ba chóir go mbeadh breitheanna á ndéanamh ag múinteoirí bunaithe ar fheidhmíocht dalta san iomlán. Le feidhmíocht dalta a thaifeadadh ag leibhéal áirithe ba chóir go léireodh an dalta gnóthachtáil chinnte ag an leibhéal sin, cé gurbh fhéidir go mbeadh sé nó sí ag obair ag leibhéal is ísle i ngnéithe áirithe de Bhéarla/Ghaeilge nó de Mhatamaitic nó ag leibhéal is airde i ngnéithe eile.

Is féidir go mbeidh sé ina chuidiú ag múinteoirí má chuireann siad na ceisteanna seo a leanas:

An tuairisc leibhéil is fearr é Leibhéal 3, mar shampla, ná Leibhéal 2 nó 4 ar:

- ábhar na hoibre is déanaí ón dalta?
- leibhéal deacrachta na dtascanna a rinne an dalta le déanaí?

Ar léirigh an dalta:

- go bhfuil ábhar an ghné seo d'fhoghlaim ag an leibhéal seo a bheag nó a mhór ar eolas aige nó aici?
- go n-éiríonn de ghnáth leis nó léi tascanna a chomhlánú sa ghné seo d'fhoghlaim ag an leibhéal seo?

2.4 Bailiú, próiseáil agus aischur Taifid Mheasúnaithe Ranga

Caithfear Taifid Mheasúnaithe Ranga a chomhlánú agus baileofar iad ag an CCEA (ESA amach anseo) de réir mar a shonraítear ar Chlár Ama an Mheasúnaithe.

Na leatháin istigh i ngach Taifead Measúnaithe Ranga, bainfear ar shiúl iad agus cuirfear na sonraí marc-léite optúla isteach sa ríomhaire a chruthóidh leathanach ansin a leagfaidh amach na leibhéil fhoriomlána do gach dalta chomh maith leis na leibhéil do gach comhpháirt Bhéarla (agus/nó Ghaeilge) agus Mhatamaitice. Cuirfear na leatháin ar ais sa Taifead sa dóigh go rachaidh na leibhéil chuí le hainmneacha na ndaltaí.

Cuirfear na Taifid Mheasúnaithe Ranga ar ais chuig na scoileanna ar fad agus in éineacht leo beidh:

- achoimre ar na torthaí measúnaithe ar fad don scoil, ar a n-áireofar:
  - leatháin torthaí ranga a thaispeánfaidh leibhéil iomlána agus comhpháirteanna do gach dalta sa Bhéarla, sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge (más cuí);
  - taifid achoimre scoile (de réir ranga) a thaispeánfaidh líon na ndaltaí a bhain gach leibhéal amach sa Bhéarla, sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge (más cuí);
  - taifid achoimre scoile (de réir eochairchéime) a thaispeánfaidh líon agus céatadán na ndaltaí a bhain gach leibhéal amach sa Bhéarla, sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge (más cuí); agus

- achoimre ar na torthaí do Thuaisceart Éireann.

De bhreis air sin, cuirfear ráiteas de leibhéal 'ionchais' gnóthachtála ar fáil do gach Eochairchéim.

Cuirfear na torthaí measúnaithe ar ais chuig na scoileanna faoin dáta sonraithe ar Chlár Ama an Mheasúnaithe.

Mír 3
Leibhéil Idirthréimhseacha

English

Levels 1–5 for:
Talking and Listening
Reading
Writing

Gaeilge

Leibhéil 1–5:
Éisteacht, Tuiscint, Labhairt
Léitheoireacht
Scríbhneoireacht

An Mhatamaitic

Leibhéil 1–5:
Próisis Sa Mhatamaitic
Uimhreas
Tomhais
Cruth Agus Spás
Láimhseáil Sonraí

English

Transitional Levels 1–5

TALKING AND LISTENING

Pupils should develop the ability to express and communicate meaning in spoken language, listening to and interpreting what others say, and matching style and response to audience, context and purpose. Pupils unable to communicate by speech may use other means including the use of technology, signing, symbols or lip-reading as alternatives to talking and listening.

Level 1
Pupils have something to say about matters of immediate and personal interest. In their talk they use a basic vocabulary and attempt to sequence words and ideas, conveying simple meaning adequately. They listen to what is being told or said to them by others and can usually respond appropriately.

Level 2
Pupils engage in conversation and show a willingness to talk and to listen. In their response to others they use appropriate vocabulary to express their ideas and understanding. They show some awareness of the needs of the audience by beginning to organise their ideas and by beginning to vary their use of register according to situation and purpose. Their talk will also include some relevant detail.

Level 3
Pupils listen with increasing concentration in a range of contexts. In discussion they make contributions and ask questions and show understanding of the main points. They begin to adapt what they say to the needs of the audience and to vary their use of register and detail. They structure and sequence their talk sufficiently to make their meaning clear.

Level 4
Pupils talk with increasing confidence and listen attentively in a range of contexts. They develop ideas, describe events and show the beginnings of an ability to explain their views and opinions. They comment on their own and others' contributions. They express and structure their ideas, thoughts and feelings appropriately for their audience. In discussion, they explore, develop and communicate ideas with clarity. They are responsive to others' ideas and views.

READING

Pupils should develop the ability to read, understand and engage with various types of text for enjoyment and learning. Pupils who need to do so may use non-sighted methods of reading such as Braille. Pupils physically unable to read aloud may use other means such as signing.

Level 1
Pupils listen and respond to text with enjoyment and some understanding. Pupils show awareness that print and pictures carry meaning. They recognise letters, words and phrases, which have significance for them in a familiar text. Pupils recognise and name some of the letters of the alphabet. In all of these activities they will require support.

Level 2
Pupils read both silently and aloud a range of simple texts with some independence and understanding. They make simple predictions. They use, with help, a range of strategies, *such as phonic, graphic, syntactic and contextual*, to identify unfamiliar words. They demonstrate some knowledge of the alphabet in using personal word books and simple dictionaries and use simple reference materials.

Level 3
Pupils read aloud with some fluency from familiar material. They show some independence in using a range of strategies to identify unfamiliar words. They read silently and show understanding. In texts, they recognise some of the main points and can select some appropriate information to support what they say. In talking about texts they begin to use inference and deduction to explore and appreciate meaning. They use their knowledge of the alphabet to locate books and find information.

Level 4
Pupils read, independently, a range of texts and talk about interests and preferences. They show understanding of significant ideas, themes, events and characters and begin to make use of an appropriate vocabulary when referring to texts. They recount narrative and attempt to reconstruct text. Pupils recognise and express explicit meaning and begin to be aware of some implicit meaning and attitudes when making inferences and deductions. They locate and use ideas and information.

WRITING

Pupils should develop the ability to make and shape text in order to communicate meaning in written language, appropriate to the context, purpose, reader and audience. At each level the use of technological aids by pupils who depend on them physically to produce their written work is acceptable.

Level 1
Under the guidance of the teacher, the pupils' writing conveys meaning through the use of pictures, symbols, words and phrases and some simple sentences. Pupils show some control over the size, shape and orientation of letters.

Level 2
Pupils compose with help, in a limited range of forms in which separate ideas can be identified. In their writing they show a sense of simple structure and organisation, on occasion using complete sentences. Common and familiar words are spelt in a recognisable way or are phonetically plausible. There is evidence of the use of upper and lower case letters.

Level 3
Pupils compose with some independence. Their writing is based on a range of experiences and uses a variety of forms. Writing shows a sense of structure appropriate to the chosen form and includes some supporting detail to make meaning clear to the reader. Their work is sometimes planned in collaboration with the teacher and/or their peers. Within the context of their writing, familiar and important words are spelt correctly and sentences are punctuated independently with basic accuracy. Handwriting is accurately formed and consistent in size.

Level 4
Pupils compose independently. The ideas are often sustained and developed, making use of appropriate detail and vocabulary to enhance meaning. The writing demonstrates an ability to use appropriate form and style and shows an awareness of audience. The pupils are beginning to use correct sentence punctuation to make meaning clear. The writing begins to show an awareness of syntax. Most regularly used words are spelt accurately. Planning for revision and redrafting of writing is done with some independence. Handwriting is swift and legible.

English

Transitional Levels 1–5

TALKING AND LISTENING

Pupils should develop the ability to express and communicate meaning in spoken language, listening to and interpreting what others say, and matching style and response to audience, context and purpose. Pupils unable to communicate by speech may use other means including the use of technology, signing, symbols or lip-reading as alternatives to talking and listening.

Level 5
Pupils talk with confidence and listen in a range of contexts. Their talk holds the interest of the audience as they begin to vary appropriately their use of register. In discussion they pay close attention to what others say, ask questions to develop ideas and structure their contributions to take account of others' views. They begin to develop the ability to justify and sustain argument and opinions. They discuss their own and others' contributions.

Level 6 (for comparison purposes only)
Pupils are beginning to adapt their talk to the demands of a range of different contexts and audiences with increasing confidence. Their talk engages the interest of the audience through the variety of its vocabulary and expression. Pupils take an active part in discussion, showing understanding of ideas and sensitivity to others. They are beginning to demonstrate an ability to plan, organise and present opinions, information and ideas competently. Pupils show an awareness of their own and others' use of register in their talk and in how they react to each other.

READING

Pupils should develop the ability to read, understand and engage with various types of text for enjoyment and learning. Pupils who need to do so may use non-sighted methods of reading such as Braille. Pupils physically unable to read aloud may use other means such as signing.

Level 5
Pupils read a range of texts, talk and write about their interests and preferences, drawing on an increasing range of appropriate vocabulary. They recognise and express explicit and some implicit meanings and attitudes when making inferences and deductions. Pupils begin to talk about the perceived intentions of authors in texts and to give personal responses, supporting these with reference to the text. They retrieve and collate information from a range of sources.

Level 6 (for comparison purposes only)
Pupils read a range of texts, talk or write about interests and preferences, drawing on an increasingly appropriate vocabulary. In reading and discussing a range of texts, pupils identify different layers of meaning and comment on their significance. They give personal responses to texts, referring to aspects of language, structure, style and themes in justifying their views. They locate, evaluate and manage information effectively for research and presentation.

WRITING

Pupils should develop the ability to make and shape text in order to communicate meaning in written language, appropriate to the context, purpose, reader and audience. At each level the use of technological aids by pupils who depend on them physically to produce their written work is acceptable.

Level 5
Pupils' writing is varied and interesting, conveying meaning clearly in a range of forms for different audiences and using a more formal style, where appropriate. Vocabulary choices are imaginative and words are used precisely. Syntax and punctuation are used with increasing proficiency and more complex words are spelt correctly. The pupils are increasingly independent in planning, revising and redrafting to improve accuracy and enhance meaning. Handwriting is swift and legible.

Level 6 (for comparison purposes only)
Pupils' writing often engages and interests the audience. Ideas are sustained, developed and show some originality. The use of vocabulary is varied and expressive. Language is used effectively across a range of forms, taking account of purpose, audience and task. Increasingly, syntax and punctuation are used to enhance meaning and most complex words are spelt correctly. Writing is logical and coherent, showing increasing confidence and competence. Independent planning, composing and revising of work improves accuracy, content and presentation. Handwriting is swift and legible.

Gaeilge

Leibhéil Idirthréimhseacha 1–5

ÉISTEACHT, TUISCINT, LABHAIRT

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann brí a chur in iúl i dteanga labhartha agus iad ag éisteacht lena bhfuil á rá ag daoine eile, ag déanamh léirmhíniú air, agus ag cur stíle agus freagairtí in oiriúint don spriocghrúpa, don chomhthéacs agus don chuspóir. Tig leis na daltaí sin nach bhfuil in ann cumarsáid labhartha a dhéanamh, modhanna eile a úsáid lena n-áirítear úsáid na teicneolaíochta, comharthaíocht láimhe, siombailí nó léamh beola, de rogha ar éisteacht agus labhairt.

Leibhéal 1
Éisteann daltaí agus cuireann siad in iúl go dtuigeann siad a bhfuil á rá ag an mhúinteoir. Cé go mbíonn claonadh acu Béarla a úsáid ina gcuid cainte, úsáideann siad focail, frásaí agus abairtí iomlána i nGaeilge chomh maith.

Leibhéal 2
Léiríonn daltaí go bhfuil siad in ann éisteacht le daoine eile agus a bheith i mbun plé simplí. Cuireann siad síos ar imeachtaí a tharla. Cuireann siad a gcuid tuairimí agus mothúchán féin in iúl. I gcomhthéacs foirmiúil an tseomra ranga, is í an Ghaeilge príomhtheanga na cumarsáide.

Leibhéal 3
Éisteann daltaí go cúramach le daoine eile. Bíonn siad i mbun plé, cuireann siad ceisteanna ábhartha agus freagraíonn siad do smaointe daoine eile. Úsáideann siad Gaeilge go huathspreagtha lena bpiaraí agus úsáideann siad í ar bhonn comhsheasmhach i gcomhthéacs foirmiúil an tseomra ranga. Léiríonn a gcumas Gaeilge forbairt leanúnach i dtaca le cruinneas de, chomh maith le héagsúlacht is mó maidir le húsáid focal, patrún na n-abairtí agus briathra.

Leibhéal 4
Labhraíonn páistí go muiníneach agus cuireann siad iad féin in iúl go soiléir. Tá comhleanúnachas agus loighic lena gcuid smaointe. Agus iad ag cur a gcuid smaointe i láthair, tig leo iarracht éigin a dhéanamh a ndearcadh a chur in iúl agus seasamh leis, agus trácht ar a bhfuil ráite ag daoine eile. Úsáideann siad réimse teanga is fairsinge agus léiríonn siad dul chun cinn is fearr i dtaca le cruinneas teanga de.

LÉITHEOIREACHT

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann cineálacha éagsúla téacsanna a léamh, a thuiscint agus dul i ngleic leo ar mhaithe le taitneamh agus foghlaim. Más gá do dhaltaí ar bith modhanna eile léitheoireachta seachas modh na súl a úsáid, tig leo sin a dhéanamh. Tig leis na daltaí sin nach bhfuil in ann léamh os ard ar chúiseanna fisiceacha modhanna eile amhail comharthaíocht láimhe a úsáid.

Leibhéal 1
Léiríonn daltaí go bhfuil siad ag cur suim i léitheoireacht agus ag baint sult aisti, agus tuigeann siad go gcuireann pictiúir agus téacs brí in iúl. Aithníonn siad focail agus frásaí atá ábhartha i gcomhthéacs an tseomra ranga agus tig leo téacs simplí atá bunaithe orthu a léamh. Tosaíonn siad ar ainmneacha agus fuaimeanna na litreacha a aithint.

Leibhéal 2
Léann daltaí téacsanna simplí agus úsáideann siad straitéisí bunúsacha agus iad ag iarraidh focail anaithnide a léamh. Léiríonn siad tuiscint ar an chiall liteartha atá le téacs agus tosaíonn siad ag cur eolas ar ghnéithe tátalacha an téacs. Déanann siad réamhaithris. Úsáideann siad an t-eolas atá acu ar an aibítir taobh istigh de chomhthéacs simplí.

Leibhéal 3
Léann daltaí téacsanna aithnidiúla mar is ceart ar bhonn comhsheasmhach agus tosaíonn siad ar léamh le héifeacht agus iad ag léamh os ard. Tig leo achoimre shimplí a dhéanamh agus a dtuairim ar imeacht nó ar charachtar ar leith a chur in iúl. Tig leo, le cuidiú, teacht ar leabhar atá de dhíth orthu agus faisnéis chuí a aimsiú.

Leibhéal 4
Léann daltaí réimse ábhar, idir fhíorasach agus fhicseanúil. Déanann siad achoimre ar an eolas go muiníneach agus go neamhspleách. Déanann siad tagairt do léirbhrí agus do bhrí intuigthe agus téacs nó alt á phlé acu. Tá bonn inchreidte lena dtuairimí agus a mothúcháin. Tig leo leabhair agus faisnéis a aimsiú go measartha neamhspleách.

SCRÍBHNEOIREACHT

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann téacs a mhúnlú le brí a chur in iúl i dteanga scríofa a oireann don chomhthéacs, don chuspóir, don léitheoir nó don spriocghrúpa. Ar gach leibhéal, tig leis na daltaí sin a bhíonn ag brath orthu, ar chúiseanna fisiciúla, áiseanna teicneolaíochta a úsáid le hobair scríofa a dhéanamh.

Leibhéal 1
Tosaíonn daltaí ag scríobh go neamhspleách agus le cuidiú ón mhúinteoir, tosaíonn siad ag múnlú agus ag struchtúrú smaointe simplí. Úsáideann siad abairtí simplí agus focail a bhaineann lena dtaithí léitheoireachta. Léiríonn siad go bhfuil smacht éigin acu ar mhéid agus ar chruth na litreacha.

Leibhéal 2
Scríobhann páistí go neamhspleách, léiríonn siad go bhfuil siad in ann a smaointe a eagrú agus a struchtúrú le cuidiú ón mhúinteoir. Tosaíonn siad ar na focail ardmhinicíochta is búnúsaí a litriú mar is ceart. Tá a bpeannaireacht inléite agus léiríonn siad tuiscint ar chomhghnásanna bunúsacha poncaíochta.

Leibhéal 3
Tosaíonn daltaí ar roinnt foirmeacha éagsúla a úsáid ina gcuid scríbhneoireachta. Tá comhleanúnachas agus loighic lena gcuid oibre. Tosaíonn siad ag cur leis an réimse teanga acu. Litríonn siad focail ardmhinicíochta go réasúnta ceart. Tá a bpeannaireacht néata agus inléite agus tá na litreacha ar cóimhéid. Léiríonn siad tuiscint ar chomhghnásanna bunúsacha poncaíochta go rialta.

Leibhéal 4
Úsáideann na daltaí roinnt foirmeacha éagsúla, bunaithe ar réimse eispéireas, agus iad ag scríobh. Tá muinín le brath ina gcuid scríbhneoireachta chomh maith le struchtúr agus croineolaíocht inchreidte i dtaca leis na himeachtaí a bhfuil cur síos á dhéanamh orthu. Léiríonn siad réimse teanga is fairsinge. Tá daltaí ag tosú ar bhunscileanna dréachtaithe a úsáid agus litríonn siad focail ardmhinicíochta mar is ceart ar bhonn comhsheasmhach. Léiríonn siad go bhfuil stíl scríbhneoireachta á forbairt acu atá soiléir agus comhsheasmhach, bíodh sí ceangailte nó neamhcheangailte. Úsáideann siad comhghnásanna bunúsacha poncaíochta ar bhonn comhsheasmhach agus léiríonn siad tuiscint ar chomhghnásanna poncaíochta is casta.

Gaeilge

Leibhéil Idirthréimhseacha 1–5

ÉISTEACHT, TUISCINT, LABHAIRT

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann brí a chur in iúl i dteanga labhartha agus iad ag éisteacht lena bhfuil á rá ag daoine eile, ag déanamh léirmhíniú air, agus ag cur stíle agus freagairtí in oiriúint don spriocghrúpa, don chomhthéacs agus don chuspóir. Tig leis na daltaí sin nach bhfuil in ann cumarsáid labhartha a dhéanamh, modhanna eile a úsáid lena n-áirítear úsáid na teicneolaíochta, comharthaíocht láimhe, siombailí nó léamh beola, de rogha ar éisteacht agus labhairt.

Leibhéal 5
Déanann daltaí a gcuid smaointe a eagrú go héifeachtach i réimse comhthéacsanna agus cásanna. Tugann siad aird ghéar ar a bhfuil á rá ag daoine eile. Léiríonn siad go bhfuil siad ábalta díospóireacht a thuiscint agus tuairimí éagsúla a mheas. Tuigeann siad nach mór suim an lucht éisteachta a chothú agus a spreagadh.

Leibhéal 6 (le haghaidh comparáide amháin)
Bíonn daltaí i mbun plé ar réimse ábhar ina gcuirtear smaointe agus tuairimí in iúl. Tosaíonn siad ag léiriú go bhfuil siad in ann tuairimí, eolas agus smaointe a phleanáil, a eagrú agus a chur i láthair go héifeachtach. Tosaíonn siad ag cur eolas ar an dóigh a n-úsáidtear teanga le héifeacht a threisiú agus le hatmaisféar a chruthú.

LÉITHEOIREACHT

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann cineálacha éagsúla téacsanna a léamh, a thuiscint agus dul i ngleic leo ar mhaithe le taitneamh agus foghlaim. Más gá do dhaltaí ar bith modhanna eile léitheoireachta seachas modh na súl a úsáid, tig leo sin a dhéanamh. Tig leis na daltaí sin nach bhfuil in ann léamh os ard ar chúiseanna fisiceacha modhanna eile amhail comharthaíocht láimhe a úsáid.

Leibhéal 5
Léann daltaí os ard go muiníneach agus go soiléir agus úsáideann siad urlabhra agus tuin chainte chuí. Déanann siad achoimre éifeachtach ar théacs nó ar alt. Cuireann siad tuairimí comhtháite ar charachtair agus ar imeachtaí in iúl go soiléir agus go muiníneach, agus treisíonn siad lena dtuairimí trí thagairt a dhéanamh don téacs agus dá n-eispéiris féin. Tig leo idirdhealú a dhéanamh idir fíoras agus tuairim phearsanta an údair. Tá siad ag tosú a chur eolas ar an dóigh a n-úsáidtear teanga le héifeacht dhrámatúil a threisiú, le hatmaisféar a chruthú agus le mothú a neartú. Úsáideann siad réimse foinsí le faisnéis a aimsiú agus a bhainistiú go héifeachtach.

Leibhéal 6 (le haghaidh comparáide amháin)
Léann daltaí réimse téacsanna, agus labhraíonn nó scríobhann siad faoi rudaí is suim agus is maith leo. Léann siad réimse téacsanna ina gcuirtear fíricí agus tuairimí in iúl agus tig leo idirdhealú a dhéanamh eatarthu seo. Cuireann an t-eolas atá acu ar an teanga ar a gcumas cuspóir agus stíl údair a aithint ar leibhéal bunúsach. Tugann siad freagairtí pearsanta, déanann siad tagairt do ghnéithe de theanga, struchtúr, stíl agus théamaí agus iad ag seasamh lena dtuairimí, agus stór focal is cuí in úsáid acu. Tá siad in ann faisnéis chuí a aithint i réimse foinsí agus í a úsáid go héifeachtach.

SCRÍBHNEOIREACHT

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann téacs a mhúnlú le brí a chur in iúl i dteanga scríofa a oireann don chomhthéacs, don chuspóir, don léitheoir nó don spriocghrúpa. Ar gach leibhéal, tig leis na daltaí sin a bhíonn ag brath orthu, ar chúiseanna fisiciúla, áiseanna teicneolaíochta a úsáid le hobair scríofa a dhéanamh.

Leibhéal 5
Scríobhann na páistí ar bhealach atá muiníneach éifeachtach agus suimiúil. Úsáideann siad réimse foirmeacha agus roghnaíonn siad teanga le tionchar na scríbhneoireachta a threisiú. Tá siad réasúnta neamhspleách agus iad ag athdhréachtú oibre. Litríonn siad réimse focal mar is ceart. Tá a stíl peannaireachta inléite agus sreabhach. Úsáideann siad comhghnásanna poncaíochta is casta go rialta agus go cuí.

Leibhéal 6 (le haghaidh comparáide amháin)
Is minic a tharraingíonn scríbhneoireacht na ndaltaí aird an léitheora. Cothaítear agus forbraítear smaointe a bhfuil bunúlacht ag baint leo. Úsáidtear stór focal ilchineálach. Úsáidtear teanga go héifeachtach trasna réimse foirmeacha, agus tugtar aird ar an chuspóir, ar an spriocghrúpa agus ar an tasc. Tá loighic agus comhleanúnachas lena gcuid scríbhneoireachta, agus léirítear muinín agus cumas is fearr. Tagann feabhas ar chruinneas gramadaí, ar ábhar agus ar chur i láthair mar thoradh ar obair a phleanáil, a chumadh agus a leasú go neamhspleách. Tá an stíl peannaireachta éasca agus inléite

An Mhatamaitic

Leibhéil Idirthréimhseacha 1–5

PRÓISIS SA MHATAMAITIC

Ba chóir do dhaltaí próisis na matamaitice a fhorbairt trí thascanna praiticiúla, trí fhíorfhadhbanna agus trí rudaí taobh istigh den mhatamaitic féin a fhiosrú.

Leibhéal 1
Úsáideann daltaí faoi threoir ábhair a chuirtear ar fáil. Úsáideann siad an mhatamaitic mar bhunchuid de ghníomhaíochtaí an tseomra ranga. Labhraíonn siad ar an obair mar fhreagairt do cheisteanna. Léiríonn siad a gcuid oibre le réada éagsúla nó le pictiúir. Tosaíonn siad ar thuartha simplí a dhéanamh.

Leibhéal 2
Roghnaíonn daltaí le cuidiú, na hábhair agus an mhatamaitic a bheidh de dhíth le gníomhaíochtaí seomra ranga a dhéanamh. Labhraíonn siad ar a gcuid oibre ag úsáid teanga chuí mhatamaitice agus léiríonn siad a gcuid oibre le siombailí agus léaráidí simplí. Freagraíonn siad do cheisteanna oscailte.

Leibhéal 3
Roghnaíonn agus úsáideann daltaí na hábhair agus an mhatamaitic atá fóirsteanach dá n-obair. Oibríonn siad dóigheanna amach le deacrachtaí a shárú agus iad ag réiteach fadhbanna. Tosaíonn siad ar a gcuid oibre a eagrú agus ar obair chórasach a dhéanamh. Úsáideann agus léirmhíníonn siad siombailí agus léaráidí matamaitice. Léiríonn siad a gcuid oibre ar dhóigheanna éagsúla agus iad féin a sheiceálann í. Pléann siad a matamaitic agus tosaíonn ar a smaointeoireacht a mhíniú.

UIMHREAS

Ba choir do dhaltaí iad seo a leanas a thuiscint - uimhreas, nodaireacht uimhris, oibríochtaí uimhris` - suimiú, dealú, iolrú agus roinnt - agus go n-úsáidfeadh siad modhanna cuí áirimh. Ba chóir dóibh meastacháin agus neasluachanna a dhéanamh in uimhreas. Ba chóir dóibh patrúin, gaolta agus seichimh a aithint agus a úsáid agus ba chóir go ndéanfadh siad ginearáluithe. Ba chóir go dtuigfeadh siad innill feidhme agus rialacha a chuirtear in iúl i bhfocail agus go mbainfeadh siad úsáid astu.

Leibhéal 1
Cuntaiseann, léann, agus scríobhann daltaí slánuimhreacha a fhad lena 10 ar a laghad agus cuireann siad in ord iad. Tuigeann siad neamhathraitheacht uimhris. Tosaíonn siad ar mheastacháin chiallmhara a dhéanamh ar líon beag de réada. Suimíonn agus dealaíonn siad a fhad lena 10 ag úsáid réada éagsúla agus cuireann siad na scileanna seo i bhfeidhm le fadhbanna simplí a réiteach. Cóipeálann siad patrúin athfhillteacha, leanann siad leo agus déanann siad patrúin dá gcuid féin le rudaí éagsúla nó le pictiúir.

Leibhéal 2
Léann agus scríobhann daltaí slánuimhreacha a fhad le 100 ar a laghad, cuireann siad in ord iad agus tosaíonn siad ar thuiscint éigin a léiriú ar ionadluach. Tá athchuimhne mhaith acu ar fhíorais uimhris a fhad lena 10 agus suimíonn agus dealaíonn siad a fhad le 20 ar a laghad, agus cuireann siad na scileanna seo i bhfeidhm le fadhbanna a réiteach ar a n-áirítear fadhbanna airgid. Fiosraíonn siad agus úsáideann siad patrúin suimithe agus patrúin dealaithe a fhad lena 10 agus úsáideann siad na patrúin seo leis an ghaol idir suimiú agus dealú a thuiscint.

Leibhéal 3
Léann agus scríobhann daltaí slánuimhreacha a fhad le 1000 ar a laghad, cuireann siad in ord iad agus úsáideann siad an t-eolas gurb é suíomh na digite a léiríonn a luach. Déanann siad meastacháin ceart go dtí an 10 nó an 100 is cóngaraí. Úsáideann siad athchuimhne mheabhrach d'fhíorais uimhris a fhad le 20 agus de mhórchuid na dtáblaí iolraithe a fhad le 10 × 10 le fadhbanna a réiteach. Suimíonn agus dealaíonn siad airgead sa ghnáth-nodaireacht a fhad le £10. Réitíonn siad fadhbanna suimithe, dealaithe agus iolraithe (le huimhreacha a fhad le 1000) agus fadhbanna roinnte i gcásanna praiticiúla. Aithníonn agus tuigeann siad codáin shimplí a thagann isteach go nádúrtha chomh maith lena nodaireacht. Míníonn agus tuarann siad patrúin uimhreacha taobh istigh de 100, ar a n-áirítear iad siúd sna táblaí iolraithe 2, 5 agus 10. Úsáideann siad innill feidhme le hoibríocht amháin.

TOMHAIS

Ba chóir do dhaltaí meastacháin a dhéanamh ar chainníochtaí agus iad a thomhas. Ba chóir léirthuiscint a bheith acu do neas-nádúr tomhais.

Leibhéal 1
Tomhaiseann daltaí réada éagsúla agus cuireann in ord iad de réir comparáide dírí agus úsáideann siad teanga chuí a bhaineann le fad, 'meáchan', toilleadh agus achar. Cuireann siad imeachtaí i seicheamh agus aithníonn siad amanna 'speisialta' ar an chlog.

Leibhéal 2
Úsáideann daltaí aonaid neamhchaighdeánacha le fad, 'meáchan', toilleadh agus achar a thomhas agus tuigeann siad go gcaithfear aonaid chaighdeánacha a úsáid. Tá na haonaid choitianta faid, 'meáchain', toillte agus ama ar eolas acu.

Leibhéal 3
Úsáideann daltaí aonaid chaighdeánacha le fad, 'meáchan', toilleadh agus am a thomhas i gcomhthéacsanna éagsúla. Léann siad an t-am ar chlog analógach agus an dáta ar fhéilire. Roghnaíonn agus úsáideann siad aonaid agus uirlisí éagsúla le huimhreacha ar uirlisí éagsúla tomhais a léirmhíniú go measartha beacht.

CRUTH AGUS SPÁS

Ba chóir do dhaltaí airíonna cruthanna déthoiseacha agus cruthanna tríthoiseacha a aithint agus a úsáid. Ba chóir dóibh suíomhanna a aithint i staidéar ar an spás.

Leibhéal 1
Sórtálann agus déanann daltaí tógálacha le cruthanna 2T agus 3T, ag úsáid gnáth-theanga le cur síos ar an obair. Úsáideann siad réamhfhocail le suíomh a lua.

Leibhéal 2
Sórtálann daltaí cruthanna 2T agus 3T ar dhóigheanna éagsúla agus luann siad fáthanna leis an tsórtáil. Ainmníonn siad gnáthchruthanna 2T. Tuigeann siad casadh ar dheis agus casadh ar clé.

Leibhéal 3
Ainmníonn daltaí gnáthchruthanna 2T agus 3T agus cuireann siad síos orthu, ag úsáid teanga chuí na matamaitice. Sainaithníonn siad línte siméadrachta i gcruthanna simplí 2T. Tuigeann siad uillinn mar thomhas casaidh agus aithníonn siad dronuillinneacha sa timpeallacht.

LÁIMHSEÁIL SONRAÍ

Ba chóir do dhaltaí sonraí a bhailiú, a thaifeadadh, a phróiseáil, a léiriú agus a léirmhíniú. Ba chóir go dtuigfeadh siad dóchúlachtaí simplí agus go ndéanfadh siad meastacháin orthu.

Leibhéal 1
Sórtálann agus rangaíonn daltaí réada éagsúla agus labhraíonn siad ar na critéir a bhí ín úsáid acu. Taifeadann siad a gcuid oibre ag baint úsáide as gnáthréada nó líníochtaí.

Leibhéal 2
Sórtálann agus rangaíonn daltaí réada éagsúla do dhá chritéar. Bailíonn siad faisnéis agus taifeadann siad í i dtáblaí simplí, i mblocghraif agus i léaráidí. Déanann siad an fhaisnéis a léirmhíniú.

Leibhéal 3
Baineann daltaí faisnéis as táblaí simplí agus liostaí agus déanann siad í a léirmhíniú. Bailíonn siad sonraí, léiríonn agus léirmhíníonn siad i bpicteagraim agus i mbarrachairteacha iad le faisnéis a chur in iúl.

An Mhatamaitic

Leibhéil Idirthréimhseacha 1–5

PRÓISIS SA MHATAMAITIC

Ba chóir do dhaltaí próisis na matamaitice a fhorbairt trí thascanna praiticiúla, trí fhíorfhadhbanna agus trí rudaí taobh istigh den mhatamaitic féin a fhiosrú.

Leibhéal 4
Bailíonn daltaí an fhaisnéis atá de dhíth le tasc a dhéanamh. Tosaíonn siad ar straitéisí dá gcuid féin a fhorbairt agus a úsáid le fadhbanna a réiteach. Pléann siad a gcuid oibre agus cuireann siad a smaointe agus a modhanna i gcomparáid leo siúd atá ag daoine eile. Léiríonn siad faisnéis agus torthaí ar dhóigh shoiléir eagraithe, ag míniú cad chuige ar roghnaigh siad an léiriú áirithe sin. Tuigeann siad ráitis ghinearálta agus fiosraíonn siad cé acu a mheaitseálann cásanna áirithe iad nó nach meaitseálann.

Leibhéal 5
Sainaithníonn agus faigheann daltaí an fhaisnéis atá de dhíth le tascanna a dhéanamh agus le fadhbanna matamaitice a réiteach. Míníonn siad an cur chuige acu leis an tasc a dhéanamh. Cuireann siad an obair i láthair le siombailí, focail agus léaráidí. Seiceálann siad na torthaí agus oibríonn amach cé acu atá siad réasúnta nó nach bhfuil. Déanann siad ráitis ghinearálta bunaithe ar fhianaise agus míníonn siad an réasúnaíocht acu.

Leibhéal 6 (le haghaidh comparáide amháin)
Comhlánaíonn daltaí tascanna substaintiúla ina bhfuil struchtúr áirithe, ag modhnú agus ag beachtú straitéisí agus iad i mbun oibre. Sainaithníonn siad agus déanann siad na fothascanna gaolmhara. Aithníonn siad agus rialaíonn siad roinnt athróg sa tasc le cuidiú san áit ar cuí sin. Léirmhíníonn siad, pléann siad agus sintéisíonn siad faisnéis a chuirtear i láthair i bhfoirmeacha éagsúla matamaitice. Déanann siad ginearáluithe agus cuireann siad argóintí chun tosaigh lena gcosaint agus úsáideann siad léaráidí de réir mar is cuí.

UIMHREAS

Ba choir do dhaltaí iad seo a leanas a thuiscint - uimhreas, nodaireacht uimhris, oibríochtaí uimhris` - suimiú, dealú, iolrú agus roinnt - agus go n-úsáidfeadh siad modhanna cuí áirimh. Ba chóir dóibh meastacháin agus neasluachanna a dhéanamh in uimhreas. Ba chóir dóibh patrúin, gaolta agus seichimh a aithint agus a úsáid agus ba chóir go ndéanfadh siad ginearáluithe. Ba chóir go dtuigfeadh siad innill feidhme agus rialacha a chuirtear in iúl i bhfocail agus go mbainfeadh siad úsáid astu.

Leibhéal 4
Tuigeann agus úsáideann daltaí uimhreacha ina bhfuil suas le dhá ionad de dheachúlacha i gcomhthéacsanna ábhartha. Suimíonn siad ó mheabhair dhá uimhir dhédhigiteacha agus dealaíonn siad ó mheabhair uimhir dhédhigiteach amháin ó uimhir dhédhigiteach eile. Le fadhbanna a réiteach, úsáideann siad réimse de mhodhanna ríomhaireachta meabhrach, scríofa agus áireamháin leis na ceithre oibríocht. Aithníonn siad neaschuid d'aonad agus úsáideann siad codán simplí le cur síos uirthi. Tuigeann siad gur oibríochtaí inbhéartacha iad suimiú agus dealú agus úsáideann siad an t-eolas seo lena bhfreagraí a sheiceáil agus iad ag réiteach fadhbanna. Fiosraíonn agus tuarann siad patrúin agus seichimh de shlánuimhreacha, *amhail uimhreacha a dhúbailt agus a roinnt ina dhá leath*. Tuigeann siad airíonna uimhris, *amhail iolraí agus fachtóir*. Tuigeann agus úsáideann siad rialacha simplí a chuirtear in iúl le focail.

Leibhéal 5
Cuireann daltaí leis an tuiscint acu ar na gaolta idir ionadluachanna, úsáideann siad é seo le huimhreacha ina bhfuil suas le dhá ionad de dheachúlacha a iolrú faoi agus a roinnt ar 10, 100 agus 1000. Úsáideann siad na ceithre oibríocht le deachúlacha ceart go dtí dhá ionad, iad a iolrú faoi agus a roinnt ar shlánuimhreacha amháin. An tuiscint acu ar choibhéis in úsáid, suimíonn agus dealaíonn siad codáin shimplí. Tuigeann siad an gaol idir codáin shimplí agus céatadáin. Cuireann siad oibríochtaí inbhéartacha nó meastachán i bhfeidhm ag úsáid neastachán le réitigh a sheiceáil. Tuigeann siad agus úsáideann siad téarmaí amhail uimhir chearnach, uimhir chiúbach agus uimhir phríomha. Úsáideann siad litir le seasamh d'uimhir anaithnid. Leanann siad sraitheanna treoracha le seicheamh a dhéanamh agus faigheann siad rialacha féideartha le seichimh a dhéanamh.

Leibhéal 6 (le haghaidh comparáide amháin)
Tuigeann agus úsáideann daltaí deachúlacha ina bhfuil suas le trí ionad de dheachúlacha agus déanann siad meastachán ceart go dtí dhá ionad de dheachúlacha. Tuigeann siad agus úsáideann siad an choibhéis idir codáin, deachúlacha agus céatadáin agus ríomhann siad ag baint úsáide as cóimheasa agus céatadáin i gcomhthéacsanna ábhartha. Tuigeann siad agus úsáideann siad an t-ord tosaíochta in áirimh uimhreacha, ar a n-áirítear úsáid lúibíní. Úsáideann siad nodaireacht na séan le cumhachtaí slánuimhreacha a shloinneadh. Tuigeann siad agus úsáideann siad an téarma fréamh chearnach. Tuigeann siad agus úsáideann siad gnásanna bunúsacha, simpliú agus ionadú le slonn nó le foirmle. Tuigeann siad agus úsáideann siad foirmlí nó cothromóidí líneacha a shloinntear i bhfoirm shiombalach le slánuimhreacha mar chomhéifeachtaí.

TOMHAIS

Ba chóir do dhaltaí meastacháin a dhéanamh ar chainníochtaí agus iad a thomhas. Ba chóir léirthuiscint a bheith acu do neas-nádúr tomhais.

Leibhéal 4
Tuigeann daltaí an gaol idir aonaid mhéadracha. Ríomhann siad an imlíne de chruthanna simplí, faigheann siad achar trí chearnóga a chuntas agus faigheann siad toirt trí chiúbanna a chuntas. Tosaíonn siad ar mheastacháin chiallmhara a dhéanamh trí aonaid chaighdeánacha a úsáid i ngnáthchásanna. Tuigeann siad agus úsáideann siad an clog 12 uair agus an clog 24 uair.

Leibhéal 5
Tuigeann agus úsáideann daltaí scála i gcomhthéacs léarscáileanna agus líníochtaí. Ríomhann siad achar cearnóg, dronuilleog agus triantán dronuilleach agus toirt ciúbanna agus ciúbóideach. Tá na haonaid impiriúla atá in úsáid go fóill ar eolas acu. Tiontaíonn siad aonad méadrach amháin ina aonad eile. Tuigeann siad agus úsáideann siad uimhreacha diúltacha i gcomhthéacs. Úsáideann siad amchláir leis an chlog 24 uair.

Leibhéal 6 (le haghaidh comparáide amháin)
Ríomhann daltaí achair ilchodacha agus toirteanna i gcás cearnóg, dronuilleog, triantán, ciúbanna agus ciúbóideach. Ríomhann siad an t-achar dromchla de chiúbanna agus de chiúbóidigh.

CRUTH AGUS SPÁS

Ba chóir do dhaltaí airíonna cruthanna déthoiseacha agus cruthanna tríthoiseacha a aithint agus a úsáid. Ba chóir dóibh suíomhanna a aithint i staidéar ar an spás.

Leibhéal 4
Déanann daltaí cruthanna simplí 2T agus 3T. Tuigeann agus úsáideann siad an teanga a bhaineann le líne agus huillinn. Tá ocht n-airde an chompáis ar eolas acu agus tuigeann siad na téarmaí deiseal agus tuathalach. Úsáideann siad comhordanáidí le pointí a bhreacadh agus le cruthanna a tharraingt sa chéad cheathrú.

Leibhéal 5
Tuigeann daltaí comhionannas cruthanna 2T. Fiosraíonn siad airíonna triantán agus ceathairshleasán agus tomhaiseann agus tarraingíonn siad uillinneacha a fhad le 360° go measartha beacht. Tarraingíonn siad líonta le cruthanna simplí 3T a dhéanamh. Frithchaitheann siad cruth i líne.

Leibhéal 6 (le haghaidh comparáide amháin)
Aithníonn daltaí siméadracht rothlach, agus ord agus lár na siméadrachta rothlaí. Tá airíonna uillinne agus airíonna siméadrachta triantán ar eolas acu agus úsáideann siad iad. Rangaíonn siad agus sainmhíníonn siad cineálacha ceathairshleasán. Sainíonn siad suíomh le comhordanáidí sna ceithre cheathrú uilig. Tuigeann siad agus úsáideann siad an teanga a bhaineann leis an chiorcal amhail imlíne, ga, trastomhas, teascóg, stua agus corda. Tógann siad triantáin le huillinntomhas, rialóir agus péire compás.

LÁIMHSEÁIL SONRAÍ

Ba chóir do dhaltaí sonraí a bhailiú, a thaifeadadh, a phróiseáil, a léiriú agus a léirmhíniú. Ba chóir go dtuigfeadh siad dóchúlachtaí simplí agus go ndéanfadh siad meastacháin orthu.

Leibhéal 4
Bailíonn daltaí sonraí scoite, déanann siad iad a ghrúpáil agus a chur in ord de réir rangeatramh ar leith. Léiríonn agus léirmhíníonn siad sonraí le graif, táblaí agus léaráidi éagsúla. Déanann siad agus léirmhíníonn siad picteagraim nuair a sheasfadh an tsiombail do ghrúpa aonad. Ceistíonn siad bunachar sonraí simplí do chritéar amháin. Tuigeann agus úsáideann siad stór focal simplí a bhaineann le dóchúlacht, *amhail cinnte, neamhchinnte, dodhéanta, dóchúil, neamhdhóchúil agus cothrom*.

Leibhéal 5
Dearann agus úsáideann daltaí leathán bailithe sonraí agus léirmhíníonn siad na torthaí. Ríomhann agus úsáideann siad an meán agus an raon de shonraí scoite. Tógann siad agus léirmhíníonn siad líneghraif shimplí. Léirmhíníonn siad graif agus léaráidí ar a n-áirítear píchairteacha agus baineann siad tátail. Cuireann siad sonraí isteach i mbunachar sonraí ríomhaire agus ceistíonn siad iad. Cuireann siad imeachtaí in ord 'dóchúlachta' agus úsáideann siad focail chuí le seans a shainaithint, *focail amhail caoga caoga agus cothrom*.

Leibhéal 6 (le haghaidh comparáide amháin)
Aithníonn daltaí an difear idir an meán, an t-airmheán agus an mód de shonraí scoite agus tig leo iad a fháil. Tógann siad agus léirmhíníonn siad píchairteacha agus graif thiontaithe. Le dóchúlacht teagmhais a fháil tá a fhios acu go roinntear líon na dtorthaí fabhracha ar líon na dtorthaí féideartha. Tuigeann siad agus úsáideann siad 0 agus 1 mar theorainneacha an scála dóchúlachta.

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning